

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE

for teachers

Leabhrán Acmhainní

Amharc-ealaín

2018-2019



www.jct.ie

Clár Ábhar

Ich:	Clár Ábhar:	Ich:	Clár Ábhar:
2.	Clár agus Cuspóirí Foghlama	21.	Gníomhaíocht – Cruinniú AFMÁ don Amharc-ealaín
3.	Struchtúr Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí	22-23.	Ag Ullmhú i gcomhair an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
4-6.	Torthaí foghlama-Ealaín Ceardaíocht agus Dearadh	23.	Teimpléad de Thuairisc an Eascaitheora
7.	Téarmaíocht Úsáideach	24.	Seicliosta agus Nótaí
8.	Measúnú foirmitheach	25	MRB 2 agus Amlíne don Mheasúnú Deiridh
9.	Gníomhaíocht: Cén chuma atá ar an machnamh?	26.	Measúnú Rangbhunaithe 2
10.	Gníomhaíocht: Cabhrú le machnamh scoláirí in Amharc-ealaín	27	MRB 2 - Torthaí foghlama
11.	Nótaí	28.	MRB 2 - Na Gnéithe Cáilíochta
12.	Amlíne na h Amharc-Ealaíne 2017-2020	29.	Go hAchomair- Measúnú Rangbhunaithe 2
13-15.	D’Aon Amharc-MRB 1 2018 - 2019	30	Gníomhaíocht - Measúnú Rangbhunaithe 2
16.	MRB 1 - Torthaí Foghlama	31	Breathnaímis ar Threoir an 3 ^ú Bliain
17.	Gníomhaíocht-Pleanáil i gcomhair MRB 1	32	Próisis Amharc-ealaíne a thuiscint
18.	Na Cúig Ghné	33.	Roth na bPróiseas Ealaíne
19.	MRB 1-Na Gnéithe Cáilíochta	34.	Teimpléad Pleanála Samplach
20.	Gníomhaíocht : Machnamh ar an bPróiseas AFMÁ	35.	Treoir d’Acmhainní Amharc-ealaíne

Cuspóirí Foghlama an Lae Inniu


Machnaimh ar theanga agus ar chleachtas an mhachnaimh san Amharc-ealaín

Tuiscint níos fearr a fháil ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1)


Smaoineamh ar chuspóir agus ar fhiúntas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Cuspóir agus fhiúntas an mheasúnaithe don teagasc agus don fhoghlaim a fhiosrú.



Na Snáitheanna



Na Cúig Ghné



Léirithe don tSúil de Ghnéithe na hAmharc-ealaíne



Íosriachtanas de bhreis ar 200 uair thar na trí bliana den tSraith Shóisearach

Torthaí Foghlama Amharc-Ealaíne

Snáithe 1 Ealaín

Is é is **ealaín**, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Leagtar béim inti ar smaointe, mothúcháin agus cáilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil.

Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith staidéar na healaíne trí léirthuisctint agus trí phlé criticiúil.

Gnéithe	Torthaí Foghlama	
	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	
Teanga chriticiúil agus amhairc	1.1	anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, ag úsáid focalstór agus eolas cuí
	1.2	freagairt do shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc
	1.3	critic a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc
Líníocht	1.4	a thaispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an cruth daonna agus an domhan ina dtimpeall a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú
	1.5	an domhan a léirmhíniú agus a chuid smaointe a chur in iúl trí mhodh amhairc
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuisctint phearsanta a chur in iúl
Cultúr agus léirthuisctint amhairc	1.7	modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú
	1.8	samplaí den amharc-ealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé
	1.9	díospóireacht a dhéanamh maidir leis an luach a chuireann sé féin agus an tsochaí ar shaothar ealaíne
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GEPD)	1.10	úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i saothar ealaíne a shainaitheint
	1.11	úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabail deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas
	1.12	a thuisctint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh
Meáin	1.13	meáin a úsáidtear chun saothar ealaíne a chruthú, a shainaitheint
	1.14	meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú
	1.15	critic a dhéanamh ar an rogha meán a bhíonn ina gcuid saothar féin nó i saothar ealaíontóirí eile

Snáithe 2 Ceardaíocht

Is é is **ceardaíocht** ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil leo a tháirgeadh. Agus béim á leagan ar phróisis agus ar ábhair, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú.

Gnéithe	Torthaí Foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	
Teanga chriticiúil agus amhairc	2.1	teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le cineál ceardaíochta amháin nó níos mó a shainathint agus a úsáid
	2.2	smaointe a dhiancheistiú agus a chur in iúl faoi cheardaíocht dhifriúil le teanga chriticiúil agus amhairc
	2.3	machnamh a dhéanamh ar a gcuid obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc
Líníocht	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú
	2.5	a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht
	2.6	iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trílíníocht agus déanamh mairc a úsáid ar dhóigh theicniúil agus chruthaitheach
Cultúr agus léirthuisct amhairc	2.7	na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceirdeanna difriúla a shainathint
	2.8	scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta
	2.9	óna gcultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú measúnú a dhéanamh ar thagairtí an chultúir amhairc a chuimsítear i saotha(i)r c(h)eardaíochta
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)	2.10	cur síos a dhéanamh ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceirdeanna difriúla
	2.11	taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile
	2.12	úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha ina gcuid obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint
Meáin	2.13	ról na meán i bhforbairt obair cheardaíochta a shainathint
	2.14	meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú
	2.15	rogha na meán ina gcuid obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint

Snáithe 3 Dearadh

Is é an **dearadh** an próiseas pleanála, réiteach fadhbanna agus cruthaithe. Is freagra é in amanna ar threoir, riachtanas nó cás ar leith. Úsáidtear íomháineachas agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl, agus an líníocht mar mhodh smaointeoireachta, le béim ar phleanáil, réiteach fadhbanna agus cur i gcrích.


Gnéithe	Torthaí Foghlama	
	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	
Teanga chriticiúil agus amhairc	3.1	teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid le cur síos a dhéanamh ar shaothar ilchineálach
	3.2	teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a chuid dearaí féin agus dearaí daoine eile a mhíniú
	3.3	teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothair dearaidh agus critic a dhéanamh orthu
Líníocht	3.4	coimre dhearaidh a léirmhíniú agus é sin a léiriú trína chuid líníochtaí
	3.5	trialacha a dhéanamh le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach
	3.6	saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a chuid líníochtaí
Cultúr agus léirthuisicint amhairc	3.7	cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha
	3.8	cleachtais dearadh stairiúil agus comhaimseartha a phlé
	3.9	na coincheapa dearaidh a rinne dearthóirí stairiúla agus comhaimseartha a chosaint
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)	3.10	úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i samplaí de shaothar dearaidh a mhíniú
	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
	3.12	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a mheasúnú trína chuid eolais ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	3.13	cur síos a dhéanamh ar úsáid na meán i samplaí de shaothar dearaidh
	3.14	meáin a úsáid ina chuid obair dearaidh féin bunaithe ar choimre dhearaidh
	3.15	coincheapa dearaidh agus úsáid na meán ina chuid saothar féin nó in obair daoine eile a chosaint

Téarmaíocht Úsáideach

Sonraíocht	Leagtar amach i sonraíocht ábhair nó ghearrchúrsa na torthaí foghlama a bhíonn beartaithe, agus conas is féidir iad a bhaint amach agus a thaispeáint. Leagtar amach sa tsonraíocht conas a bhíonn an fhoghlaim in aon ábhar nó aon ghearrchúrsa nasctha le ráitis foghlama agus le príomhscileanna áirithe.
Measúnú Rangbhunaithe: MRB	Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe na hócáidí ina measann an múinteoir na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith atá leagtha amach i sonraíocht an ábhair.
Measúnú Foirmitheach	Is ionann measúnú foirmitheach agus an próiseas chun fianaise a lorg agus a léirmhíniú agus a úsáid ag foghlaimeoirí agus ag múinteoirí chun cinneadh a dhéanamh ar: An áit a bhfuil foghlaimeoirí ina gcuid foghlama. An áit ar ghá dóibh dul ina gcuid foghlama. An chaoi is fearr chun dul ann Meitheal um Leasú an Mheasúnaithe 2002
Measúnú Suimitheach	Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cé mhéad a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin tríd é a chur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.
Gnéithe Cáilíochta	Úsáideann múinteoirí na Gnéithe Cáilíochta chun an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe a shocrú. Is iad seo na critéir a úsáidfeadh chun a mheas cé acu de na ceithre Thuairiscín is fearr a oireann d' obair na scoláirí.
Na Tuairiscíní	Tá ceithre leibhéal tuairiscíní gnóthachtála ann i ngach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr, Os cionn ionchas, Ag teacht le hIonchais agus Ionchais le Baint Amach Fós.
Cruinniú in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair AFMÁ	Tar éis measúnú rangbhunaithe a bheith déanta, rachaidh múinteoirí i gceann cruinnithe athbhreithnithe, ina gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus ina dtiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí.
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí PGSS	Is gradam é an PGSS a gheobhaidh scoláirí ag deireadh na sraithe sóisearaí acu. Aithneoidh an gradam gnóthachtáil trasna gach réimse foghlama agus measúnaithe lena n-áirítear, measúnú foirmitheach; measúnuithe rangbhunaithe; agus gráid ón CSS a chuimsíonn torthaí ó na scrúduithe deiridh agus ó na tascanna measúnaithe.
Torthaí Foghlama	Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ar chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú tar éis tréimhse foghlama.
Intinní Foghlama	Is ráiteas de chuid an mhúinteora é, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheith ar eolas, intuigthe agus indéanta ag na scoláirí de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.
Critéir Ratha	Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlaim scoláirí.


Measúnú Foirmitheach

Is ionann measúnú foirmitheach agus measúnú a dhéantar le linn an phróisis oideachais chun an teagasc nó an fhoghlaim a fheabhsú...Is é an rud a dhéanann foirmitheach an measúnú foirmitheach go n-úsáidtear láithreach é chun coigeartú a dhéanamh chun foghlaim nua a chruthú



Arna oiriúint ó Dylan Wiliam (2011) Measúnú Leanúnach Leabaithe

Measúnú foirmitheach



Gníomhaíocht – Machnamh san Amharc-ealaín




Cén chuma atá ar an machnamh i seomra ranga na hAmharc-ealaíne?

Cén chuma atá ar an machnamh i mbloc sceitseála na hAmharc-ealaíne?

Cabhrú le machnamh scoláirí in Amharc-ealaín






Cad é mar atá ag éirí liom?

Machnaigh ar an gcaoi ar fhorbair tú do chuid scileanna maidir le machnamh scoláirí i do chleachtas ranga.

Cuir soilse tráchtta le do fhreagraí ar na ráitis thíos ag úsáid an chóid seo:	I gcónaí 	Uaireanta 	Riamh 
Tugaim deiseanna do scoláirí a gcuid smaointe a fhorbairt ar bhealach físiúil			
Spreagaim scoláirí a gcuid meancóg a mheas mar ghné thábhachtach dá bpróiseas foghlama			
Cabhraím le scoláirí tobsmaointeoireacht a dhéanamh ina n-aonar			
Cabhraím le scoláirí tobsmaointeoireacht a dhéanamh i gcomhar le chéile i ngrúpa			
Spreagaim scoláirí chun machnamh a dhéanamh ní hamháin ar ar fhoghlaim siad ach ar an gcaoi ar fhoghlaim siad é.			
Cuirim ar chumas scoláirí a gcuid smaointe féin a fhorbairt agus fiosrú físiúil a dhéanamh ar fhéidearthachtaí éagsúla.			
Tugaim deiseanna do scoláirí féinmheasúnú a dhéanamh mar chuid dá bpróiseas athmhachnaimh.			
Tugaim am do scoláirí machnamh a dhéanamh ar aiseolas a fuair siad uaim féin agus óna bpiaraí.			
Na Chéad Chéimeanna eile			

Nótaí

Amlíne Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí 2017 - 2020

Lúna	M.Fómh	D.Fómh	Samh	Noll	Ean	Feab	Már	Aibr	Beal	Meith
Bliain 1 2017 - 18	Na torthaí foghlama is ábhartha le haghaidh aois agus céim forbartha na scoláirí Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne									
	Treoir eisishe ag CSS 				Téamaí eisishe ag CNCM 		nó 		Machnamh Tuairisceoir AFMÁ Aiseolas	
Bliain 2 2018 - 19	Na torthaí foghlama is ábhartha le haghaidh aois agus céim forbartha na scoláirí Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne									
									An tréimhse a gcríochnaíonn an scoláire MRB 1 - Ó Phróiseas go Curi i gcrích 	
				Machnamh Tuairisceoir AFMÁ Aiseolas						
Bliain 3 2019 - 20	An tréimhse a gcríochnaíonn an scoláire MRB 2 – Cuir in iúl agus Déan Machnamh									
									An tréimhse a gcríochnaíonn an scoláire Scrúdú stáit 	

MRB – Measúnú Rangbhunaithe
AFMÁ – Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
CNCM – An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CSS - Coimisiún na Scrúdaithe Stáit






Seoladh Idirlín
Twitter
Rphost








www.jct.ie
@jctVisualArt
info@jct.ie






An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Measúnú Rangbhunaithe 1

Ó Phróiseas go Cur i gcrích

	D'Aon Amharc 2018 - 2019	Acmhainní
Cad é?	<p>Tugann <i>Ó Phróiseas go Cur i gcrích</i> deis don scoláire taithí a fháil ar chur chuige a shamhlófaí le healaíontóir/ceardaí/dearthóir atá ag cleachtadh a ghairme.</p> <p>Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí <i>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (leathanach 15)</i></p>	
Cathain?	<p>Is é an deis le haghaidh MRB 1 'Ó Phróiseas go Cur i gCrích' 2019, an tréimhse idir 7 Eanáir agus 1</p> <p>Tabhair do d'aire: Tagraíonn an spás seo do chohórt scoláirí 2019.</p> <p>Foilseoidh CNCM dátaí MRB 1 ina dhiaidh seo ar bhonn bliantúil ar www.curriculum.ie</p>	
Cá fhad?	Tá saoirse agat le do chuid scoláirí dáta tosaigh, dáta deiridh a roghnú agus an fad a mhairfidh an MRB 1 le linn na ndátaí sin thuas.	
Téamaí	<p>Déanfar na téamaí a fhoilsiú ar 7 Eanáir ar www.curriculum.ie</p> <p>Tabhair do d'aire: Athróidh na téamaí gach bliain Ní chuirfear na téamaí sa phost chuig scoileanna</p>	
Torthaí foghlama	<p>Is féidir réimse torthaí foghlama a roghnú le forbairt le do chuid scoláirí in</p> <p>MRB 1 <i>Ó Phróiseas go Cur i gcrích</i></p> <p><i>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (leathnach 17)</i></p> <p>Tabhair do d'aire: Tá saoirse agat torthaí foghlama a roghnú ó gach ceann den trí shnáithe</p> <p>Bí cinnte gur thug tú faoi gach ceann de na cúig ghné.</p>	
Snáithe	<p>Is iad na trí shnáithe atá ann Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh Tá an tsaoirse agat do chiall féin a bhaint as na torthaí foghlama i snáitheanna chun eispéiris foghlama a fhorbairt a oireann do scoláirí agus do do chomhthéacs.</p> <p>In MRB 1 "Ó Phróiseas go Cur i gCrích" cruthóidh scoláirí aon déantúsán amháin.</p> <p>Tabhair do d'aire: Níl aon liosta disciplíní ann.</p>	
Déantáin thríthoiseacha	Ní mór do scoláirí ar a laghad aon déantán amháin i dtrí thoise a thógáil in MRB 1 i mBliain 2 nó don Scrúdú Stát-Teistithe i mBliain 3.	

<p>Pleanáil</p>	<p>Ba chóir go gcabhródh pleanáil roinn ábhair / múinteoirí leis an tsonraíocht Amharc-ealaíne a chur i bhfeidhm go rathúil.</p> <p>Tagann an phleanáil ó thuiscint ar chur chuige na dtorthaí foghlama agus ó bheith muiníneach agus tú á úsáid.</p> <p>Trí phleanáil rathúil beidh na straitéisí teagaisc agus na modheolaíochtaí measúnaithe ag teacht leis na torthaí foghlama atá leagtha amach sa tsonraíocht.</p>	
<p>Ar bhonn aonair nó grúp</p>  	<p>Is féidir leis an scoláire an chéad Mheasúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích ar bhonn aonair nó i ngrúpa. I gcás go n-oibríonn an scoláire i ngrúpa, ba cheart gan ligean don ghrúpa éirí rómhór – triúr scoláirí ar a mhéad – ionas gur féidir le gach scoláire a chion a dhéanamh agus ionas gur féidir an obair agus na freagrachtaí a roinnt ar bhealach níos fearr go ndéanfaidís rannpháirtíocht gach scoláire a éascú ionas...go mbeidh na scoláirí in ann na critéir a leagtar amach sna Gnéithe Cáilíochta a chomhlíonadh.</p> <p><i>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (leathanach 15)</i></p>	
<p>Cinneadh maidir leis an leibhéal gnóthachtála</p>	<p>Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar obair na scoláirí de réir na dtuairiscíní is oiriúnaí.</p> <p><u>Tiocfaidh tú ar Ghnéithe Cáilíochta MRB 1 ar leathanach 21 de Threoirlínte na Measúnuithe Rangbhunaithe d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí</u></p>	
<p>Tuairisceoir</p>	<p>Thar barr ar fad Os cionn na n-ionchas Ag teacht leis na hionchais Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p><i>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (leathanach 24)</i></p>	
<p>Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair</p>	<p>Is ag cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair 'a roinnfidh agus a phléifidh múinteoirí a gcuid measúnaithe ar obair scoláirí agus is ann a thiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi chaighdeán foghlama scoláirí'.</p> <p>An Creat don tSraith Shóisearach (2015) Leathanach 8 Níos mó eolais ar chruinnithe AFMÁ, féach: www.ncca.ie</p>	
<p>Cén uair a bhíonn cruinniú AFMÁ na hAmharc-ealaíne ann?</p>	<p>Ba chóir go reáchtálfai cruinniú AFMÁ chomh gar agus is féidir don am a gcríochnaítear na Measúnuithe Rangbhunaithe. 'D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin'.</p> <p>Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí <i>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe leathanach 11</i></p>	

<p>Cé a fhreastalaíonn ar AFMÁ?</p>	<p>Bíonn ar a laghad beirt mhúinteoirí ealaíne cáilithe de dhíth ag cruinniú AFMÁ Amharc-ealaíne.</p> <p>Tabharfaidh gach múinteoir réimse oibre leis a bheidh le plé ag an gcrúinniú AFMÁ.</p> <p>Tá breis eolais ar an bpróiseas AFMÁ ar ár suíomh gréasáin, www.jct.ie.</p>	
<p>Aiseolas</p>	<p>Ba chóir a rá leis na scoláirí cén tuairiscín a tugadh dóibh agus aiseolas a thabhairt dóibh nuair a bhíonn an cruinniú AFMÁ thart.</p> <p>(Acmhainn CNCM ar Aiseolas (www.ncca.ie))</p>	
<p>Tuairisceoireacht</p>	<p>Tar éis MRB 1 déanfar na tuairiscíní a bhronntar a thuairisciú trí nósanna imeachta do scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).</p>	
<p>Scuidealú</p>	<p>Sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015 tugtar 200 uair d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí thar thrí bliana.</p> <p>Faoi mar atá an cleachtas reatha, beidh neamhspleáchas fós ag scoileanna lena gcuid cláir ama a phleanáil, ar chuntar go gcomhlíonann siad an t-íosriachtanas sin.</p> <p>Ó tharla go mbíonn comhthéacs éagsúil ag gach scoil (mar shampla an fad a mhaireann rang, leathlaethanta srl.), bítear ag súil leis go mbeidh cláir ama dhifriúla ann ar fud an chórais scoile. Féach: Imlitir Chiorcláin 0015 /2017</p>	
<p>Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:</p>	<p>Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, déanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • roghnóidh sé a théama tosaigh agus na bunfhoinsí cuí • déanfaidh sé taighde ar a smaointe tosaigh • piocfaidh sé an snáithe Amharc-ealaíne trína nginfidh sé a shaothar réadaithe • déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar a chuid smaointe le haghaidh a shaothair réadaithe • taifeadfaidh sé an obair agus na nótaí go léir ina bhloc scitseála Amharc-ealaíne • cuirfidh sé na cúig ghné den Amharc-ealaín san áireamh san obair ar fad a dhéanann sé • cuirfidh sé a shaothar réadaithe i gcrích • déanfaidh sé machnamh ar a chinntí, ar a phróiseas agus ar a shaothar réadaithe. 	
<p align="center">Measúnú Rangbhunaithe 1 le haghaidh Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí in 2019 An scuideal dó Ó Phróiseas go Cur i gcrích</p>		
<p>An tréimhse ina gcuireann an scoláire Ó Phróiseas go Cur i gcrích</p>	<p>Dé Luain, 7 Eanáir go dtí Dé hAoine, 20 Bealtaine 2019</p> <p>Eiseoidh CNCM na téamaí an 7 Eanáir</p>	
<p>An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha</p>	<p>Dé hAoine, 22 Bealtaine 2019</p>	
<p>An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh</p>	<p>Dé hAoine, 27 Bealtaine 2019</p>	

Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 1

Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DERADH	
Teanga Chriticiúil agus Amhairc	1.1	anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc	3.2	teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le thaifeadadh agus le hanailísiú	3.4	coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.6	iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta ach líníocht agus déanamh mairc a chur i bhfeidhm go teicniúil agus go cruthaitheach	3.6	saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí
Cultúr agus Léirtheiscint Amhairc	1.7	modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú	2.7	na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó cheardaíocht dhifriúil a shainaitheint	3.7	cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha
Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha (GEPD)	1.12	a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh	2.10	cur síos a dhéanamh ar ghnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceardaíocht dhifriúil	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.14	meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú	2.14	meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú	3.14	na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh

Gníomhaíocht-Pleanáil i gcomhair MRB 1

Cé na torthaí foghlama a shílfeá a nascadh chun cabhrú le foghlaim scoláirí le linn MRB 1

Gnéithe	Ealaíon/Ceardaíocht/Dearadh Torthaí foghlama	An t-ábhar a fhoghlaimíodh scoláirí
Teanga Chriticiúil agus Amhairc		
Líníocht		
Cultúr agus Léirthuisicint Amhairc		
Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha (GEPD)		
Meáin		

Na Cúig Ghné den Amharc-ealaín

<p>Teanga chriticiúil agus amhairc</p>	<p>Úsáideann scoláirí Teanga chriticiúil agus amhairc chun saothar ealaíonta a phlé, a thuiscint agus a mheas, ceann dá gcuid féin nó ceann duine eile. Ligeann sí do scoláirí íomháineachas a fhiosrú níos fearr agus ar bhealach níos meabhraíthí. Is féidir le scoláirí teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a gcuid smaointe a chur in iúl dá múinteoir, do scoláirí eile nó don phobal trí chéile. Agus cumas mar sin a bheith ag scoláire is inniúla agus is muiníní a bheidh siad chun freagairt do, agus chun plé faoi, chultúr amhairc an domhain chomhaimseartha nó stairiúla agus na dtimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha.</p>
<p>Líníocht</p>	<p>Is í an Líníocht an teanga bhunúsach atá i gcroílár na n-imeachtaí uile a dhéanann scoláirí sna trí snáitheanna: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is den riachtanas é le haghaidh fiosrúcháin, léiriúcháin, doiciméadúcháin agus faisnéis amhairc a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh scoláirí blaiseadh ar bhrí a bhaint as breathnóireacht, lena n-áirítear foinsí príomha agus líníocht bheo agus líníocht thrialach agus shamhlaíoch, chomh maith le smaointe a fhorbairt trí 2-T, 3-T nó modhanna digiteacha. Is foirm ealaíne aisti féin í an líníocht freisin. Ní mór do scoláirí a gcuid scileanna líníochta a thriail agus a fhorbairt thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.</p>
<p>Cultúr agus tríd an léirtheiscint amhairc</p>	<p>Aithnítear tríd an gCultúr agus tríd an léirtheiscint amhairc go bhfuil an domhan nua-aimseartha éirithe ina áit níos físiúla ina bhfaightear réimse leathan spreagthaí amhairc amhail ailtireacht agus dearadh uirbeach nó fógraíocht, meáin nua, an t-idirlíon, mínealaín, ceardaíocht, dearadh, grianghrafadóireacht, faisean agus tuilleadh nach iad. Léitear ciúnna agus íomhánna nach mbíonn téacs-bhunaithe ar luas i bhfad níos gasta ná teachtaireachtaí atá téacs-bhunaithe. Uaireanta, agus iad báite le híomhánna, caithfidh scoláirí na teachtaireachtaí amhairc seo a thuiscint agus a dhíchódú, chomh maith le cultúr amhairc sochaithe eile freisin. Is gá an t-eolas agus an tuiscint sin a chur in iúl ag úsáid teanga a aithníonn na scoláirí ach freisin gan neamhaird a dhéanamh den teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le trí snáitheanna na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh.</p>
<p>Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD)</p>	<p>Is iad Gnéithe na healaíne agus prionsabail an deartha (GEPD) na bloic thógála i saothar ealaíne ar bith a chruthóidh scoláire. Is féidir anailís a dhéanamh ar a bhfeidhmiú in oibreacha 2-T, 3-T nó digiteacha trína n-úsáid a mheas i bpáirt nó ar bhonn aonair. Áirítear i measc na ngnéithe ealaíne an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún. Áirítear ar na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, teacht le chéile, solas, spás, scála agus contrárthacht.</p>
<p>Meán</p>	<p>Is gné thábhachtach í rogha agus úsáid na Meán a thrasghearrann na trí snáithe: ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is iad na meáin an modh atá ann chun idirghníomhú, cruthú, ceangal agus dul i dteagmháil le daoine eile. San obair, a roghnaíonn scoláirí a dhéanamh, is féidir leo uirlisí agus modhanna traidisiúnta a úsáid nó modhanna nua, comhaimseartha nó digiteacha. Clúdaíonn na meáin freisin eolas ar na teicnící nó ar na próisis freisin.</p>

MRB 1-Na Gnéithe Cáilíochta


Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire.

Amharc-ealaín MRB 1 - *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*

Tuairisceoir	Na Gnéithe Cáilíochta
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Thar barr ar fad</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint an-mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna an-mhaith Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal an-mhaith ar fud na hoibre
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Os cionn na n-ionchas</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna go maith Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal maith ar fud na hoibre
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna réasúnta Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal réasúnta ar fud na hoibre
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint teoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid teoranta astu Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna teoranta Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal teoranta ar fud na hoibre

Machnamh ar an bPróiseas AFMÁ

<p>Conas a d'fhéadfadh taithí ar AFMÁ foghlaim múinteoirí a fhorbairt?</p>			
<p>Conas a d'fhéadfadh taithí ar AFMÁ foghlaim scoláirí a fhorbairt?</p>			
<p>Conas a chabhraíonn na Gnéithe Cáilíochta le tuiscint chomónta a bheith againn ar chaighdeáin?</p>			
	<p><i>Do chuid nótaí pearsanta ó bheith ag breathnú ar an bhfiseán AFMÁ</i></p>	<p><i>Nótaí ón Roinnt le comhgleacaithe</i></p>	<p><i>Nótaí ó chleachtadh an tsainphlé oscailte</i></p>

Gníomhaíocht – Cruinniú AFMÁ don Amharc-ealaín

Cad é a chabhródh leis
an gcruinniú

Cad é a chuirfeadh bac
air?

Nótaí

Ag Ullmhú i gcomhair an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Is sa chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a dhéanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus ina dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlama na scoláirí’.


Léargas ginearálta ar an bpróiseas athbhreithnithe

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí a bheith ag plé obair scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige sa mhéid is go gcabhróidh sé le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar fhianaise obair na scoláirí agus tríd an bhfoghlaim agus na straitéisí teagaisc a bhí taobh thiar den obair sin a roinnt.

Is iad na cuspóirí atá leis an bpróiseas athbhreithnithe:

- níos mó leanúnachais a fháil i mbreithiúnas múinteoirí agus san aiseolas a thugtar do scoláirí
- breithiúnais a bheith ag cloí níos fearr leis na caighdeáin ionchais
- agus a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar sin a gcuid gnóthachtála de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

Roimh an gcrúinniú AFMÁ



Maidir le Múinteoirí


Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta Samplaí anótáilte de chuid CNCM a athbhreithniú mar is gá. (www.curriculumonline.ie) An Tuairiscín a thairfead mar aon le haon phointe ábhartha eile a thiocfadh a bheith úsáideach le tagairt dó le linn an chruinnithe AFMA. Sampla amháin a aimsiú, do gach tuairiscín, nuair is féidir, le húsáid sa chruinniú AFMÁ. Sonraí ar shamplaí oibre atá le plé a chur isteach chuig an éascaitheoir roimh an gcrúinniú.



Maidir le hÉascaitheoirí

Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí chun dáta agus am a shocrú don chruinniú AFMÁ. Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ.

Le linn an Chruinnithe AFMÁ



Maidir le múinteoirí

- Sampla amháin a chur i láthair ag an leibhéal “Ionchais le Baint Amach Fós”
- An píosa oibre a athbhreithniú i gcomhar le chéile
- Nóta a dhéanamh de na himpleachtaí atá le cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe don chuid eile d’obair na scoláirí a ndearna siad measúnú uirthi
- Díriú ar chur chuige ‘is fearr a oireann’ a ligeann do mhúinteoirí aontú ar na tuairiscíní ar an iomlán is oiriúnaí don obair atáthar a phlé
- Gabh tríd an bpróiseas arís le sampla ó gach ceann de na tuairiscíní eile, ar a sheal.



Maidir le hÉascaitheoirí

- An cruinniú a oscailt ag cur béime ar leanúnachas breithiúnais agus ar thuiscint chomónta faoi cháilíocht foghlama na scoláirí.
- Aird a dhíriú ar luach an chruinnithe i dtaca leis an aiseolas a thugtar do scoláirí.
- An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a stiúradh agus nótaí a ghlacadh d’aon chinntí a dhéantar.
- Iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ach díriú go háirithe ar eolas agus scileanna gairmiúla a fhorbairt

Tar éis an chruinnithe AFMÁ



Maidir le Múinteoirí

- Machnamh a dhéanamh ar mheasúnú a gcuid scoláirí bunaithe ar an gcruinniú AFMÁ.
- A dtuairiscíní deiridh do gach scoláire a thuairisciú
- Aiseolas a thabhairt do scoláirí a dhíríonn a n-aird ar dhul chun tosaigh ina gcuid oibre.



Maidir le hÉascaitheoirí

- Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide
- Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo agus ar nithe a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chéad chruinniú AFMÁ eile.

Tuairisc an Éascaitheora

Ábhair:	Dáta/Am:
I Láthair	
Príomhchinntí	
Pointí tábhachtacha le haghaidh Cruinnithe Athbhreithnithe sa todhchaí	
Aon rud sa bhreis?	
Éascaitheoir:	
Dáta:	


Is féidir breis eolais a fháil san Fhoireann Uirlisí Measúnaithe ar (www.curriculumonline.ie)
Is féidir cáipéisí ábhartha a íoslódáil ó rannán na hAmharc-ealaíne ar (www.jct.ie)

Seicliosta MRB 1

An bhfuil tú eolach ar na príomhthorthaí foghlama do MRB 1?	
An bhfuil tú ar an eolas faoi thábhacht na ngnéithe san Amharc-ealaín?	
An eol duit go roghnóidh scoláirí 1 as 3 téama do MRB 1?	
An bhfuil smaointe agat ar bhealaí a rachfá féin agus do chuid scoláirí i gceann MRB 1?	
An dtuigeann tú in ' <i>Ó Phróiseas go Cur i gCrích</i> ' nach mór do scoláirí aon déantán a thógáil?	
An léir duit cén éifeacht a bheidh ag na Gnéithe Cáilíochta ar an gcaoi a dtabharfaidh tusa agus do chuid scoláirí faoin MRB?	
An dtuigeann tú gurb iad na múinteoirí a dhéanfaidh measúnú ar MRB 1 agus go bhfreastalóidh siad ar chruinniú AFMÁ.	

Nótaí

Achoimre 3ú Bliain do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus don Mheasúnú Deiridh



Eiseofar an achoimre ar 9 Meán Fómhair 2019 agus cuirfear ar líne í ar www.examinations.ie

Measúnú Rangbhunaithe 2-Cuir in iúl agus Déan Machnamh

Críochnófar an obair atá i gceist san ullmhúchán don dara Measúnú Rangbhunaithe, Cuir in iúl agus Déan Machnamh, taobh istigh de thrí mhí. Maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2, coimeádfaidh an scoláire an obair thaighde agus thrialach a chruthaigh sé bunaithe ar a théama roghnaithe agus an dá shnáithe eile den tsonraíocht, agus cuirfidh sé an obair sin i láthair chomh maith. Lena chois sin, déanfaidh an scoláire an t-aiseolas a fhaigheann sé a thaifeadh. Bainfidh sé leas as sin le machnamh a dhéanamh ar threo a chuid oibre go dtí seo agus ar an treo a d'fhéadfadh sí dul don scrúdú stáit.

1. Taighde

Críochnófar an obair atá i gceist san ullmhúchán don dara Measúnú Rangbhunaithe, Cuir in iúl agus Déan Machnamh, taobh istigh de thrí mhí. Maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2, coimeádfaidh an scoláire an obair thaighde agus thrialach a chruthaigh sé bunaithe ar a théama roghnaithe agus an dá shnáithe eile den tsonraíocht, agus cuirfidh sé an obair sin i láthair chomh maith. Lena chois sin, déanfaidh an scoláire an t-aiseolas a fhaigheann sé a thaifeadh. Bainfidh sé leas as sin le machnamh a dhéanamh ar threo a chuid oibre go dtí seo agus ar an treo a d'fhéadfadh sí dul don scrúdú stáit.

2. Obair iniúchta

Ba chóir don scoláire taighde a dhéanamh agus roinnt smaointe luatha a bhaint as, rud a chuirfidh an treo a rachaidh a obair iniúchta agus thrialach in iúl. Maidir le cur chuige, caithfidh an scoláire leas a bhaint as spreagthaigh bhunfhoinsí agus na cúig ghné den Amharc-ealaín a chur san áireamh ina obair thrialach. Níor mhór go mbeadh freagairt phearsanta an scoláire féin san áireamh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, lena n-áireofaí breathnú nó cinntí móra a dhéanamh sé i rith an ama seo.

3. Cur i láthair

Cruthóidh an scoláire saothar ina mbeidh a thaighde agus a iniúchadh le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Coimeádfaidh an scoláire an saothar seo agus cuirfidh sé a chineálacha cur chuige, a smaointe agus a theicnící in iúl dá chomhscoláirí agus dá mhúinteoir. Féadfaidh an scoláire cur i láthair a dhéanamh le míreanna amhail líníochtaí breathnaitheacha, grianghraif, líníochtaí oibre, treoirphleananna, pleananna i gcomhair déantúsán, scéalchláir agus déantúsáin. Ba chóir go mbeadh nádúr agus scóip an tsaothair a chuireann an scoláire i láthair fairsing go leor le go gcuirfí an treo a d'fhéadfadh an saothar dul don scrúdú stáit in iúl. Déanann an scoláire é sin trína obair thaighde agus iniúchta thosaigh a thaispeáint agus trí phlé a dhéanamh uirthi agus ar na treonna a d'fhéadfadh sí dul. Is í an aidhm atá leis sin go mbeidh an scoláire ábalta aiseolas a bhailiú. Ba chóir machnamh agus aiseolas an scoláire a chlárú ar fud a mbloc sceitseála Amharc-ealaíne agus ar a bhFoirm Cumarsáide agus Machnaimh

Fianaise ar fhoghlaim

Nuair a bhreathnaítear ar obair thaighde, obair iniúchta agus obair thrialach an scoláire ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, in éineacht lena chur i láthair agus lena mhachnamh ar an aiseolas, ba chóir go mbeadh na míreanna seo a leanas le feiceáil:

- an saothar coimeáda ina bhfuil na cúig ghné den Amharc-ealaín san áireamh
- an Fhoirm chomhlánaithe maidir le Cuir in iúl agus Déan Machnamh

Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 2

Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí Cuir in iúl agus Déan Machnamh:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DEARADH	
Teanga chriticiúil agus amhairc	1.3	critic a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc	3.3	teanga chriticiúil agus amhairc chuá úsáid le freagairt do shaothar dearaidh agus critic a dhéanamh air
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórtimpeall air a bhreathnú, a thaifeadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadh agus le hanailísiú	3.4	coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.5	a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht	3.5	trial a bhaint as rud le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach
Cultúr agus léirtheiscint amhairc	1.8	samplaí den amharcealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé	2.8	scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna chultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú	3.8	cleachtais dearaidh stairiúla agus chomhaimseartha a phlé
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)	1.11	úsáid na gnéithe ealaíne agus na bprionsabail deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas	2.11	taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí gnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.15	léirmheas a dhéanamh ar an rogha meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile	2.15	an rogha meán ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint	3.15	coincheapa dearaidh agus úsáid meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile a chosaint

MRB 1-Na Gnéithe Cáilíochta

Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire.

Amharc-ealaín MRB 2- Cuir in iúl agus Déan Machnamh ¹

Tuairisceoir	Na Gnéithe Cáilíochta
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Thar barr ar fad</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair léirmhíniú an-mhaith ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte, pearsanta agus cothaithe Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint an-mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu Tá an machnamh an-mhaith agus léirítear tuiscint an-mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Os cionn na n-ionchas</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair léirmhíniú maith ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte agus pearsanta Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu Tá an machnamh go maith agus léirítear tuiscint mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear bunús na nGnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair léirmhíniú réasúnta ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu Tá an machnamh réasúnta agus léirítear tuiscint réasúnta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an taiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <ul style="list-style-type: none"> Léiríonn an obair léirmhíniú teoranta ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail Tá an taighde a chuirtear i láthair teoranta Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint teoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid teoranta astu Tá an machnamh teoranta agus léirítear tuiscint teoranta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh

1. Is dréacht iad na Gnéithe Cáilíochta seo agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí iad a athbhreithniú i ndiaidh iad a úsáid le fóir-obair na scoláirí. Foilseofar na Gnéithe Cáilíochta leasaithe in eagrán nuashonraithe den cháipéis seo in earrach 2020.

Go hAchomair- Measúnú Rangbhunaithe 2

Cuir in iúl agus Déan Machnamh

Sonrófar i dtreoir a eiseoidh an CSS na téamaí do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus don mheasúnú deiridh stát-teistithe. Cuirfidh an CSS an treoir ar fáil, a bheidh de dhroim riachtanais ina treoir do MRB 2, cuirfidh siad ar fáil í gach bliain do scoláirí ag tús a dtríú bliain sa tsraith shóisearach

Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, ní mór do scoláirí:

- A dtéama a roghnú
- Machnamh ar an dá shnáithe Amharc-ealaíne trína gcruthóidh siad go príomha a gcuid saothair chríochnaithe
- A smaointe tosaigh a thaighde agus a fhiosrú
- Dul i ngleic leis na cúig ghné
- A gcuid oibre agus nótaí uile a thairfead ina mbloc sceitseála Amharc-ealaíne
- A gcuid smaointe tosaigh a eagrú agus a chur i láthair a múinteora agus a gcuid piaraí
- An t-aiseolas a fuair siad óna múinteoir agus óna bpiaraí a thairfead

Ní mór do scoláirí obair thríthoiseach a thaighde agus a fhiosrú in MRB 2 mura ndearna siad obair thríthoiseach a fhiosrú in MRB 1. Ní mór an obair thaiscéalaíoch a bhunú ar cheann de na téamaí a thugtar agus í a fhiosrú ag úsáid foinsí príomha. B'fhéidir go n-imreodh nó nach n-imreodh an obair thaiscéalaíoch tionchar ar an treo a bheidh faoi obair an scoláire don mheasúnú deiridh stát-teistithe ach ba chóir go gcuimseodh sí réimse cuir chuige a d'fhéadfadh an scoláire a leanúint. Is féidir aon phlean don obair chríochnaithe nó réadaithe a choimeád ar an bhFoirm um Chur In Iúl agus Mhachnamh agus foráil iontu chun an obair a fhorbairt tuilleadh don mheasúnú deiridh stát-teistithe.

- Ní mór do scoláirí MRB 2 a dhéanamh ina n-aonar
- Eagróidh scoláirí an t-ábhar óna mbloc sceitseála Amharc-ealaíne chun a smaointe tosaigh, a dtuairimí agus a dtástálacha a roinnt, a chur i láthair nó a phlé ag léiriú conas a d'fhéadfadh siad sin a gcuid oibre don mheasúnú deiridh stát-teistithe a mhúnlú
- Ba chóir do scoláirí an t-aiseolas a thairfead a fhaigheann siad óna múinteoir agus / nó óna bpiaraí mar chuid den phróiseas seo.

Na dátaí maidir le Measúnú Rangbhunaithe 2 Cuir in iúl agus Déan Machnamh 2019

An tréimhse ina gcaitheann an scoláire trí mhí ag déanamh taighde, ag baint triail as rudaí agus ag cruthú saothair le haghaidh Cuir in iúl agus Déan Machnamh agus an dáta deiridh faoina bhfuil an uile chur i láthair agus mhachnamh le cur i gcrích	Idir Dé Luain, 9 Meán Fómhair, 2019 agus Dé hAoine, 6 Nollaig, 2019 Ba chóir go mbeadh an uile chur i láthair agus mhachnamh críochnaithe faoi Dé hAoine, 6 Nollaig, 2019
An dáta deiridh ar a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí	Faoi Dé Céadaoin, 18 Nollaig, 2019
An dáta deiridh le haghaidh Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	Faoi Dé hAoine, 20 Nollaig, 2019

Gníomhaíocht - Measúnú Rangbhunaithe 2

Taighde

Obair iniúchta

Cur i láthair

Machnamh

Breathnaímis ar Threoir an 3^ú Bliain...

Cad é a thug tú faoi deara? Cad iad na gnéithe atá coitianta nó nua?

Cad iad na difríochtaí idir measúnú rangbhunaithe agus measúnú deiridh stát-teistithe?

Measúnú Rangbhunaithe

Measúnú deiridh stát-teistithe

Próisis Amharc-Ealaíne a Thuiscint

Is cuid bhunúsach d'aidhmeanna na sonraíochta Amharc-Ealaíne go bhfaighidh an scoláire 'taithí ar na próisis bharántúla a bhaineann le hamharc-ealaín a shamhlú, a iniúchadh, a thriail, a dhéanamh, a thaispeáint agus a mheasúnú.'

Seo a leanas ceithre ghné thábhachtacha a bhaineann le baint amach an mhéid sin, gnéithe atá fite fuaite ina chéile – plé le bunfhoinsí, forbairt smaointe, forbairt scileanna agus úsáid as an mbloc sceitseála Amharc-Ealaíne.

Tosaíonn an próiseas cruthaitheach seo tar éis do dhaltá freagairt do spreagthach.

Bunfhoinsí

Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i mbunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu.

Tá ról lárnach ag bunfhoinsí agus obair ealaíne á cruthú ag an scoláire agus tá sé riachtanach go mbainfí úsáid astu chun ealaín chruthaitheach a tháirgeadh. Tugann bunfhoinsí deiseanna don scoláire a bheith ag plé leis an domhan mórthimpeall air. Cuidíonn sé sin leis úinéireacht a ghlacadh ar a shaothar agus a shaothar a dhéanamh níos pearsanta. Ba cheart don scoláire bunfhoinsí a roghnú a oireann don téama a phiocann sé, ar mhaithe lena shaothar a fhorbairt.

Forbairt Smaointe

Luaitear i Ráiteas Foghlama 23 sa Chreat don tSraith Shóisearach, 'tógann an scoláire smaoinemh ar aghaidh ó cheapadh go réadú' – is cuid dhílis den chruthaitheacht i ndisciplín ar bith é an méid sin. Caithfidh an múinteoir díriú ar straitéisí trína gcuirfear ar chumas an scoláire smaointe a fhorbairt go rathúil. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire smaoinemh a fhorbairt de réir téama, trí ghnéithe stairiúla agus/nó comhaimseartha, trí ghnéithe fealsúnachta agus trí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna lena mbaineann i meáin éagsúla.

Forbairt Scileanna

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire a chuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh sé na scileanna cuí a fhoghlaim le go mbeidh sé ábalta a chuid smaointe a bheachtú agus a chur in iúl. Agus na scileanna sin á bhfoghlaim aige, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar chumas agus ar theorainneacha na meán agus na dteicnící a mbaineann sé leas astu.

Bloc Sceitseála Amharc-Ealaíne

Bailiúchán de smaointe, de phróisis agus d'obair, i bhfoirm fhisiciúil nó dhigiteach, nó meascán díobh, atá sa bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne. Taifead pearsanta an scoláire ar an turas cruthaitheach atá ann go bunúsach; cinnfidh an scoláire, i gcomhar lena mhúinteoir, an leagan amach a bheidh air. Tagrófar don bhloc sceitseála Amharc-ealaíne mar cháipéis aonair sna treoirlínte seo; d'fhéadfadh bloc sceitseála amháin nó níos mó a bheith i gceist leis sin, áfach. D'fhéadfadh líon na n-iontrálacha i mbloc sceitseála Amharc-ealaíne a bheith éagsúil ó cheann go ceann, ach fós féin beidh an obair ullmhúcháin agus an obair forbartha uile a theastaíonn san áireamh ann.

(Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe – Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí, leathanaigh 6/7)



Roth na bPróiseas Ealaíne



Nótaí

Plean Bliana na hAmharc-Ealaíne

SAMPLA

Bliain ghrúpa				
Téarma	Spreagadh/ Téama	Torthaí Foghlama	Cad a fhoghlaimoidh an scolaire?	Fianaise ar an bhFoghlaim Acmhainní

Athbhreithniú

Treoir d'Acmhainní Amharc-ealaíne ag www.jct.ie



Téigh chuig jct.ie mar a bhfaighidh tú an leathanach don Amharc-ealaín.

Nuair a ghliogálann tú ar leathanach na hAmharc-ealaíne gheobhaidh tú na leathanaigh acmhainne thíos.

Ár leathanaigh ghréasáin Amharc-ealaíne a nascleanúint

Tá breac-chuntas sa tábla thíos ar a bhfuil le fáil ar gach leathanach. Nuair a thugtar ceardlann déanfar acmhainní nua a uaslódáil chun na leathanach seo. Is féidir teacht freisin ar cheardlanna roghnacha tríd an leathanach nuachta agus muid a leanúint ar *Twitter*. Is féidir clárú lenár liosta seachadta atá le fáil ar ár leathanach baile.



Príomhdhoiciméid

Creat do tSraith Shóisearach 2015 Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí Treoirilínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Príomhdhoiciméid



Nuacht

An nuacht is déanaí Fotha *Twitter* Nuachtlitreacha

Nuacht/Imeachtaí



Ceardlanna FGL/ Ragnacha

Leabhrán Acmhainní Abhair Ceardlanna Físeáin agus Seimineáir Ghréasáin

Ceardlanna FGL



Pleanáil

Acmhainní ginearálta i gcomhair Pleanáil Roinne Físghabhálacha Scáileáin

Pleanáil



Measúnuithe

Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 1 +2 Na Gnéithe Cáilíochta-MRB 1+ 2

Measúnuithe



Acmhainní

Póstaeir Físeáin Seimineáir Ghréasáin

Acmhainní

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers



Sonraí Teagmhála:

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán.

www.metc.ie

Oifig an Stiúrtóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan

Le haghaidh gach fiosrúcháin, déantar teagmháil le:

info@jct.ie

www.jct.ie

Lean muid ar Twitter:

www.ncca.ie



@jctVisualArt
@JCforTeachers

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie

